## Preaseisiúint Uimh. 105/22

**Lucsamburg, an 21 Meitheamh 2022**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-817/19 | Ligue des droits humains

# Measann an Chúirt go n-éilíonn urraim do chearta bunúsacha go mbeidh na cumhachtaí dá bhforáiltear i dTreoir PNR teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach

*In éagmais bagairt thromchúiseach sceimhlitheoireachta i mBallstát atá dáiríre agus láithreach nó intuartha, cuirtear cosc le dlí an Aontais ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear d'aistriú agus do phróiseáil shonraí PNR a bhaineann le heitiltí laistigh den Aontas agus le hiompar a dhéantar ar bhealaí eile laistigh den Aontas*

Ceanglaítear le Treoir PNR[1] go ndéanfar próiseáil chórasach ar líon suntasach sonraí ó aerphaisinéirí a bhaineann le Taifead Ainmneacha Paisinéirí ó eitiltí lasmuigh den Aontas chuig an Aontas agus uaidh, chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach a chomhrac. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 2 den Treoir sin go bhféadfaidh na Ballstáit í a chur i bhfeidhm maidir le heitiltí laistigh den Aontas freisin.

Is comhlachas neamhbhrabúis é an Ligue des droits humains ( "LDH") a thug caingean le haghaidh neamhniú os comhair an Cour constitutionnelle (an Chúirt Bhunreachtúil, an Bheilg), i mí Iúil 2017, in aghaidh dhlí an 25 Nollaig 2016, a thrasuigh i ndlí na Beilge, Treoir PNR, Treoir API [2] agus Treoir 2010/65 [3]. Dar le LDH, déantar neamhaird leis an dlí sin **ar an gceart chun go ndéanfar an saol príobháideach a urramú agus sonraí pearsanta a chosaint**, a ráthaítear i ndlí na Beilge agus i ndlí an Aontais. Cáineann sé, ar an gcéad dul síos, cineál an-leathan shonraí PNR agus, ar an dara dul síos, cineál ginearálta bhailiú, aistriú agus phróiseáil na sonraí sin. Is é a thuairim go mbainfeadh an dlí de shaorghluaiseacht daoine freisin trí rialuithe teorann a athbhunú go hindíreach trí chóras PNR a leathnú chuig eitiltí laistigh den Aontas agus chuig iompar a dhéantar ar mhodhanna eile laistigh den Aontas.

I mí Dheireadh Fómhair 2019, chuir an Cour constitutionnelle deich gceist faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais le haghaidh réamhrialú maidir le, *inter alia*, bailíocht Threoir PNR agus comhoiriúnacht Dhlí an 25 Nollaig 2016 le dlí an Aontais.

Sa bhreithiúnas a thug sí inniu, chinn an Chúirt, **ar an gcéad dul síos**, ós rud é go n-**áirithítear** le léirmhíniú na Cúirte ar fhorálacha **Threoir PNR i bhfianaise na gceart bunúsach** a ráthaítear in Airteagail 7, 8, 21 agus in Airteagal 52(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt") **go bhfuil an Treoir sin i gcomhréir leis na hAirteagail sin den Chairt**, níor léirigh scrúdú ar na ceisteanna dá dtagraítear fachtóir ar bith de chineál a dhéanfadh difear do **bhailíocht na Treorach sin**.

[1] Treoir (AE) 2016/681ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí maidir le taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO 2016 L 119 lch. 132).

[2] Treoir 2004/82/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an oibleagáid ar iompróirí sonraí paisinéirí a chur in iúl (IO 2004 L 261 lch. 24).

[3] Treoir 2010/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis na foirmiúlachtaí tuairiscithe is infheidhme maidir le longa atá ag teacht isteach i gcalafoirt na mBallstát agus/nó ag imeacht uathu agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/6/CE (IO 2010 L 283, lch. 1).

Mar réamhphointe, tugann sí faoi deara **nach mór gníomh de chuid an Aontais a léirmhíniú**, **a mhéid is féidir, ar bhealach nach gcaitheann amhras ar a bhailíocht agus atá i gcomhréir** leis an dlí príomhúil ina iomláine agus, go háirithe, **le forálacha na Cairte,** agus ní mór do na Ballstáit a áirithiú freisin nach mbeidh siad ag brath ar léirmhíniú ar an Treoir sin a bheadh contrártha leis na cearta bunúsacha atá faoi chosaint ag dlíchóras an Aontais nó leis na prionsabail ghinearálta eile a aithnítear sa dlíchóras sin.Maidir le **Treoir PNR**, soiléiríonn an Chúirt go gceanglaítear le **líon mór aithrisí agus forálacha** den Treoir sin **léirmhíniú comhsheasmhach den sórt sin** le hurramú iomlán na gceart bunúsach a chumhdaítear sa Chairt, agus béim á leagan aici ar an tábhacht a thugann reachtas an Aontais d'ardleibhéal cosanta sonraí.

Tugann an Chúirt faoi deara **go bhfuil cur isteach** de thromchúis áirithe ar na cearta a ráthaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt **ag baint le Treoir PNR** a mhéid a bhfuil sé d'aidhm léi córas faireachais leanúnaigh, neamhdhírithe agus córasach a bhunú, lena n-áirítear measúnú uathoibrithe a dhéanamh ar shonraí pearsanta gach duine a úsáideann seirbhísí aeriompair. Meabhraíonn an Chúirt nach mór an **fhéidearthacht** atá ag na Ballstáit **údar maith** a thabhairt do theorannú den sórt sin a mheasúnú trí thromchúis an chur isteach a bhaineann le teorannú den sórt sin a thomhas agus trína fhíorú go bhfuil **tábhacht an chuspóra leasa ghinearálta a shaothraíonn an teorannú sin i gcomhréir leis an tromchúis sin**.

Cinneann an Chúirt go bhféadfar a mheas go bhfuil **aistriú, próiseáil agus coinneáil shonraí PNR** dá bhforáiltear leis an Treoir sin teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach chun críocha cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chomhrac, **ar choinníoll go ndéantar na cumhachtaí dá bhforáiltear leis an Treoir sin a léirmhíniú go sriantach.** Maidir leis sin, luaitear i mbreithiúnas an lae inniu, *inter alia*, an méid seo a leanas:

- ní mór **gan a chumhdach** leis an gcóras arna bhunú le Treoir PNR **ach faisnéis atá inaitheanta agus imscríofa go soiléir in Iarscríbhinn I** a ghabhann leis an Treoir sin agus a bhaineann leis an eitilt a dhéantar agus leis an bpaisinéir lena mbaineann, rud a chiallaíonn, i gcás míreanna áirithe san Iarscríbhinn sin, nach gcumhdaítear ach an fhaisnéis dá dtagraítear go sainráite.
- Ní mór cur i bhfeidhm an chórais a bhunaítear le Treoir PNR a bheith **teoranta do chionta sceimhlitheoireachta agus do choireacht thromchúiseach a bhfuil nasc oibiachtúil, indíreach ar a laghad aici le haeriompar paisinéirí.** Maidir leis an gcoireacht sin, ní fhéadfaí cur i bhfeidhm an chórais sin a leathnú chuig coireacht a thagann, cé go gcomhlíonann sí an critéar dá bhforáiltear sa Treoir sin a bhaineann leis an tairseach tromchúise agus dá dtagraítear go háirithe in Iarscríbhinn II a ghabhann léi, faoi raon feidhme na gnáthchoireachta i bhfianaise ghnéithe sonracha an chórais choiriúil náisiúnta.
- Ní mór an **leathnú féideartha ar chur i bhfeidhm Threoir PNR chuig gach eitilt laistigh den Aontas nó cuid díobh**, a bhféadfaidh Ballstát a chinneadh trí leas a bhaint as an **rogha** dá bhforáiltear sa Treoir sin, a theorannú don **mhéid atá fíor-riachtanach**. Chuige sin, ní mór é a bheith faoi réir athbhreithniú éifeachtach ó cúirt nó ó chomhlacht neamhspleách riaracháin a bhfuil éifeacht cheangailteach ag a chinneadh. Maidir leis sin, soiléiríonn an Chúirt:
  - sa chás ina gcinnfidh an Ballstát sin, agus sa chás sin amháin, go bhfuil imthosca sách nithiúil ann chun a mheas go bhfuil **bagairt sceimhlitheoireachta ann, ar bagairt í atá dáiríre agus láithreach nó intuartha**, ní mór cur i bhfeidhm na Treorach sin ar **gach eitilt laistigh den Aontas** chuig an mBallstát sin nó uaidh, ar feadh tréimhse a bhfuil fíorghá léi, ach atá in-athnuaite, a bheith teoranta don **mhéid atá fíor-riachtanach**;
  - **in éagmais bagairt sceimhlitheoireachta den sórt sin**, ní féidir cur i bhfeidhm na Treorach sin a leathnú chuig gach eitilt laistigh den Aontas; **ní mór é a bheith teoranta d'eitiltí laistigh den Aontas a bhaineann go háirithe le haerbhealaí áirithe nó le patrúin taistil áirithe nó le haerfoirt áirithe** a bhfuil tásca ann ina leith, de réir mheasúnú an Bhallstáit lena mbaineann, go bhfuil bonn cirt leis an gcur i bhfeidhm sin. Ní mór athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an nádúr fíor-riachtanach den chur i bhfeidhm sin maidir le eitiltí laistigh den Aontas a roghnaítear ar an gcaoi sin, i bhfianaise athruithe ar na dálaí a

thug údar lena roghnú.

- Chun críocha **réamh-mheasúnú a dhéanamh ar shonraí PNR**, chun daoine a shainaithint a dteastaíonn tuilleadh scrúdaithe ina leith roimh theacht nó imeacht dóibh agus a dhéanfar ar dtús **trí phróiseáil uathoibrithe**, féadfaidh an tAonad um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí (PIU) na sonraí sin a chur i gcomparáid, ar thaobh amháin, le **bunachair sonraí a bhaineann le daoine nó le rudaí atá á lorg nó faoi réir foláirimh, agus iad sin amháin.** Ní mór do na bunachair sonraí sin a bheith neamh-idirdhealaitheach agus á n-oibriú ag na húdaráis inniúla i ndáil leis an gcomhrac i gcoinne na gcionta sceimhlitheoireachta agus na coireachta tromchúisí a bhfuil nasc oibiachtúil, indíreach ar a laghad acu le haeriompar paisinéirí. Ar an taobh eile, maidir leis an réamh-mheasúnú i bhfianaise critéir réamhbhunaithe, **ní féidir le PIU teicneolaíochtaí hintleachta saorga a úsáid i gcomhthéacs córais féinfhoghlama ("*machine learning*"),** a fhéadfaidh an próiseas meastóireachta a athrú, gan idirghabháil ná rialú daonna, agus go háirithe na critéir mheasúnaithe ar a bhfuil toradh a chur i bhfeidhm bunaithe agus ualú na gcritéar sin. Ní mór na critéir sin a chinneadh sa chaoi is go ndíreoidh a gcur i bhfeidhm, go sonrach, ar na daoine aonair a bhféadfadh amhras réasúnach a bheith ann ina leith go bhfuil siad rannpháirteach i gcionta sceimhlitheoireachta nó i gcoireacht thromchúiseach agus na gnéithe "inchoiritheacha" agus "eisíonacha" á cur san áireamh, gan idirdhealú díreach nó indíreach a bheith mar thoradh air.

- I bhfianaise an **ráta earráide atá ina dhlúthchuid de phróiseáil uathoibrithe** den sórt sin ar shonraí PNR agus an líon mór "bréagdheimhniucháin" a fuarthas tar éis iad a chur i bhfeidhm sna blianta 2018 agus 2019, braitheann cumas an chórais arna bhunú leis an Treoir sin go bunúsach ar fheidhmiú cuí **fíoraithe iardain a dhéanfar ar na torthaí dearfacha** a fhaightear maidir leis an bpróiseáil sin, a dhéanann PIU **trí mhodhanna neamh-uathoibrithe**. I ndáil leis sin, ní mór do na Ballstáit rialacha soiléire, beachta a leagan síos chun an anailís a dhéanfaidh oifigigh PIU atá freagrach as an athbhreithniú aonair sin d'fhonn a áirithiú go n-urramófar ina n-iomláine na cearta bunúsacha a chumhdaítear in Airteagail 7, 8 agus 21 den Chairt agus, go háirithe, chun cleachtas comhsheasmhach riaracháin a áirithiú laistigh de PIU agus prionsabal an neamh-idirdhealaithe á urramú. Go háirithe, ní mór dóibh a áirithiú go leagann PIU síos critéir athbhreithnithe oibiachtúla lena gcumasaítear dá oifigigh a fhíorú, ar thaobh amháin cé acu an mbaineann agus a mhéid a bhaineann meaitseáil dhearfach ("amas") le duine ar dócha go bhfuil baint aige leis na cionta sceimhlitheoireachta nó leis an gcoireacht thromchúiseach, agus, ar an taobh eile, chineál neamh-idirdhealaitheach na próiseála uathoibrithe. Sa chomhthéacs sin, cuireann an Chúirt i bhfios freisin nach mór do na húdaráis inniúla a áirithiú go bhféadfaidh an duine lena mbaineann feidhmiú na gcritéar measúnaithe réamhbhunaithe agus na gclár lena gcuirtear na critéir sin i bhfeidhm a thuiscint, ionas go bhféadfaidh sé a chinneadh, agus láneolas aige ar na fíorais, an bhfeidhmeoidh sé a cheart chun leighis bhreithiúnaigh nó nach bhfeidhmeoidh. Ar an gcaoi chéanna, i gcomhthéacs caingean den sórt sin, ní mór don chúirt atá freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an chinnidh arna ghlacadh ag na húdaráis inniúla agus, ach amháin i gcásanna bagairtí do shlándáil an Stáit, an duine lena mbaineann a bheith in ann eolas a fháil maidir leis na cúiseanna agus leis an bhfianaise ar glacadh an cinneadh sin ar a mbonn, lena n-áirítear na critéir mheasúnaithe réamhbhunaithe agus feidhmiú na gclár lena gcuirtear na critéir sin i bhfeidhm.

- Maidir le **sonraí PNR a nochtadh agus a mheas níos déanaí**, is é sin le rá, tar éis don duine lena mbaineann teacht nó imeacht, ní fhéadfar é sin a dhéanamh ach amháin ar bhonn **imthosca nua agus fachtóirí oibiachtúla** a fhágann go bhfuil amhras réasúnta ann go bhfuil an duine sin páirteach i gcoireacht thromchúiseach a bhfuil, ar a laghad, nasc indíreach aici le haeriompar paisinéirí, nó go bhféadfadh na sonraí sin, i gcás sonrach, rannchuidiú go héifeachtach leis an gcomhrac i gcoinne cionta sceimhlitheoireachta le nasc den sórt sin. Ní mór, i bprionsabal, nochtadh shonraí PNR chun críocha an mheasúnaithe níos déanaí sin, ach amháin i gcásanna práinne a bhfuil údar cuí leo, a chur faoi réir grinnscrúdú roimh ré a dhéanfaidh cúirt nó údarás riaracháin neamhspleách, ar iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil ó na húdaráis inniúla, beag beann ar an iarraidh sin a bheith déanta roimh dhul in éag na tréimhse sé mhí tar éis aistriú na sonraí sin chuig PIU nó ina dhiaidh sin.

**Sa dara háit**, measann an Chúirt **go gcuirtear bac le Treoir PNR**, arna léamh i bhfianaise na Cairte, **ar reachtaíocht náisiúnta lena n-údaraítear próiseáil shonraí PNR** a bhailítear i gcomhréir leis an Treoir sin **chun críocha seachas na críocha sin dá dtagraítear go sainráite in Airteagal 1(2) den Treoir sin**.

**Sa tríú háit**, maidir leis an **tréimhse choinneála do shonraí PNR**, chinn an Chúirt go **gcuirtear cosc** le hAirteagal 12 de Threoir PNR, arna léamh i bhfianaise Airteagail 7, 8 agus Airteagal 52(1) den Chairt, **ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear do thréimhse choinneála ghinearálta cúig bliana, is infheidhme gan idirdhealú maidir le gach aerphaisinéir**.

Dar leis an gCúirt, **tar éis dhul in éag na tréimhse coinneála tosaigh sé mhí**, **ní dhealraíonn sé** go bhfuil coinneáil shonraí PNR teoranta don mhéid atá **fíor-riachtanach** i ndáil le **haerphaisinéirí** nár **nochtadh** ina leith tríd an réamh-mheasúnú, ná trí aon seiceálacha a rinneadh le linn na tréimhse coinneála tosaigh sé mhí, ná trí **aon chúinse** eile, fachtóirí oibiachtúla– amhail go raibh meaitseáil dhearfach ann le sonraí PNR na bpaisinéirí lena mbaineann, arna fíorú faoi chuimsiú an réamh-mheasúnaithe - ná aon chúinse eile a léirigh go raibh fachtóirí oibiachtúla ann – de chineál lena bhféadfaí **baol maidir le cionta sceimhlitheoireachta nó coireacht thromchúiseach** a shuí a bhfuil nasc oibiachtúil acu, go hindíreach ar a laghad, leis an turas aeir a dhéanann na paisinéirí sin. **Os a choinne sin**, measann sí, **i rith na tréimhse tosaigh sé mhí**, nach cosúil, i bprionsabal, go sáraítear teorainneacha an mhéid atá fíor-riachtanach trí shonraí PNR a choimeád faoi **gach aerphaisinéir** atá faoi réir an chórais a bhunaítear leis an Treoir sin.

**Sa cheathrú háit**, measann an Chúirt go gcuirtear **cosc** le dlí an Aontais ar **reachtaíocht náisiúnta** lena bhforáiltear, in éagmais **bagairt sceimhlitheoireachta atá dáiríre agus láithreach nó intuartha** don Bhallstát lena mbaineann, do **chóras aistrithe**, ar aistriú é arna dhéanamh ag aeriompróirí agus oibreoirí taistil, chomh maith le **córas próiseála,** ar próiseáil í arna déanamh ag na húdaráis inniúla, le haghaidh **shonraí PNR na n-eitiltí ar fad laistigh den Aontais agus iompar a dhéantar trí mhodhanna eile laistigh den Aontas**, ag teacht ón mBallstát sin nó ag dul go dtí an Ballstát sin nó fiú ar idirthuras tríd, chun críocha cionta sceimhlitheoireachta agus cineálacha coireachta tromchúiseacha a chomhrac. I gcás den sórt sin, ní mór cur i bhfeidhm an chórais a bunaíodh le Treoir PNR a theorannú d'aistriú agus do phróiseáil shonraí PNR eitiltí agus/nó iompair a bhaineann, go háirithe, le bealaí áirithe nó le patrúin taistil áirithe nó le haerfoirt, le stáisiúin nó le calafoirt áirithe a bhfuil an chosúlacht ann go bhfuil údar leis an gcur i bhfeidhm sin. Thairis sin, soiléiríonn an Chúirt go gcuirtear cosc le dlí an Aontais ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear do chóras den sórt sin chun na sonraí sin a aistriú agus a phróiseáil chun críocha rialuithe teorann a fheabhsú agus inimirce neamhdhleathach a chomhrac.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gníomh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid féin. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina cheangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán agus achoimre](#) an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA lá a fhógartha.

Teagmháil phreasa: Jacques René Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá pictiúir de chraoladh an bhreithiúnais ar fáil ó "[Europe by Satellite](#)" ✆ (+32) 2 2964106.

**Bígí nasctha!**